

Créad do choisc cogadh Laighean?

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 50]

Mathghamhuin Ó hUiginn .cc.

1 Créd do choisc cogadh Laighean  
triall cáich sul do críochnuigheadh?  
créd fáth a síothaighthe soin  
tar Ráth bhffíochfhoirfe bhFionntain?

2 Gus aniu ní raibhe riamh  
tosach síodha ag sluagh Gailian  
tar mhéid oire Fhuinn Criomhthoin  
ó dhruing oile d'Éirionnchálbh.

3 Do chleachtdaois do chleachtadh dáibh,  
dámadh síoth d'Éirinn fhódbháin,  
triall neamhfhsaídh gus a-niugh  
fá fhiadh ghreaghfhsaídh Gaoidhiul.

4 Tós cogaidh do thocht dá ttaoibh  
fá mionca lé cloinn Chathaoir  
iná tós síodha acht ré seal;  
na síona fós ag filleadh.

5 Níor saoileadh go tteacht as-teagh  
fosaidh Gall re gort Gaoidheal  
teacht dóibh tar Éireanncha air,  
slóigh fá déidheancha ag deabhaidh.

6 Gus an umhla nua-sa a-niugh  
ní chualamar cath Laighiun  
gan rún fichidh gliadh lé goimh,  
riamh gan chrithir san gcagail.

7 Ní fonn síth, ní súil ré haoibh,  
as ciontach re cloinn Cathaoir;  
ní combáidh ré cathoibh Gall  
fachoin fhorráin dá n-iomchrann.

8 Gá ttú, is é a n-adhbhar soin.  
fuaradh Féilim mheic Fiachaíd:  
ón anbhuan do chleacht fá a gceann  
barrbhuan bu-dheacht a ndícheall.

9 Ní guth dó éirghe as a n-ucht,  
leis teagmhadh tú a nguasocht,  
dá chiorrbhadh a gcéidrinn għliad

fá fhionnmhagh géigshlim Ghailian.

10 Do cuirthí ar mhac meic Aodha  
cédfhromhadh cath bhforraonda;  
gach ceas 'na cheann do cuirthe,  
teann na ttreas a tteagmhuighthe.

11 Meallta dhó [dia do phudhoir]  
méd ar fhulaing d'iorghalaibh  
ag fornaidhe thoir is tiar  
do thoil gormmuighe Gailian.

12 Ní choigleadh a chrú a gcathaibh,  
ní fhilleadh ó anfhachain,  
ag sníomh lann, ag cor chosguir  
gomh Ghall nó gur ghríosasdoir.

13 Ní sheachnadh bearnain mbaoghluigh,  
ní fhilleadh ó ioflhaobhruibh  
do shúil ionghoire beann mBreagh  
tar ceann lionnmhoighe Laighean.

14 Críoch Laighion na leargmhagh gcuir  
dá roinntí do réir dochuir,  
ar bheith ag turbhródh gach tinn  
do-seich a hurmhór d'Fhélim.

15 Dá bhfaghadh sé, is sé ar meas,  
cion a anshóidh dá haoibhneas,  
ní dhruideadh ré tocht as-teagh,  
ní thuigfeadh olc dá n-uigheadh.

16 Forghla a ndochar, díon a gcean,  
air do chuirdís cath Laighean,  
's gan leath sochair dá roinn ris,  
do mhothuigh choill a gcairdis.

17 Ód-chí a n-égcomhthrom air,  
maith fuair Feilim mac Fiachaíd,  
's ar chosain d'orgráin orthaibh,  
congmháil phosaíd d'allmhurchaibh

18 Cúis a maca samhla soin  
tarla ag ainmhidhe alloidh,  
teidhm nár hadhnadh a aithghin,  
fá sheilbh adhbhadh n-anaithnidh.

19 Leómhain is nathruigh nimhe  
tarla a n-inis d'áirimhe,

nó gur shní croidhe a gcolga,  
ar tí ar-oile d'ionnarba.

20 Treabh na leómhan a leath dí,  
aitreabh na nathrach neimhi  
san taobh ar-aill don innsi,  
nár fhaomh faill 'na feithimh-si.

21 Biasda bunaidh na hinnsi  
tig dá ttnúth 'na timchill-si,  
ar meabhsuin a holc fán eing  
cneasghoin a gcorp gan choigeill.

22 Lar sin leigid na leómuin  
díobh re hintinn éidtreóraigh  
a bhfeirg ar throime a ttoirsi  
ag seilg loinne an leómhain-si.

23 Na nathracha Goill Ghuirt Breagh,  
na leómhain laochruidh Laighean,  
tug sé a n-aithbheóghadh inn,  
is é an flaithleóman Feilim.

24 Goill na tíre ag tógbháil chinn  
ón uair do airis Feilim;  
bann 'gá ttreabhthachoibh ré [a] taoibh  
fá sheanchlochuibh clann gCathaoir.

25 Ní thaobhaid Laighnigh lot Goill,  
ní thógbhuid arm dá n-ealchoing;  
ortha féin do chló a gconfайдh  
ón ló as réidh do Raghnallchaibh.

26 Giordh eadh trá, dá ngríosdais Goill  
fearg ar-ís ar Ua nDomhnuill,  
móir bhfeirg dárbh athfhhabhairt soin;  
ceadh acht athadhoindh fhalaigh?

27 An teine ó théid a ttreisi,  
deacair eadráin oirthei-si;  
guais fothradh a frosa soin,  
osa a tornamh ó thosaigh.

28 Dá ttógdaois ar thuir mBearbha  
dul 'na armuibh infheadhma.  
siar go Cliodhna ngreaghaigh ngil  
dob iomdha d'fhearaibh éididh.

29 Ní bhia slios laoich go Line,

dá ngabha a cholg cneisnimhe,  
's go hAird Uladh fá gclaoineann  
ná taobh curadh gan chathloinn.

30 Dá gcuire a chathbharr 'ma cheann,  
ní bhia am Chliaigh ná a gCnoc Raoileann  
ar n-ionnsma reann a gcleath gcorr  
neach gan a cheann a gcathbharr.

31 Ní bhia mar iadh fhiséil spuir,  
mar shilfeas a shreabh cogaidh,  
spor a gcomhdha ar fheadh an fhuinn  
ná sleagh ná omna ar ealchuing.

32 Dá ngabha aradhain eich,  
ní fágthur uime d'aoineleith  
láimh ré teach Gaoidhil ná Goill  
each aoinfhír acht 'na hudhaim.

33 Mac Saidhbhe, glún ré Galloibh,  
iocht dá n-adhruid Raghnallaigh,  
a mhire a n-éigion an áigh,  
tine nách éidior d'eadráin.

34 Beithir lonn lingneas treasa,  
rún foghla, fos flaitheasa,  
díon droibhél, caomhtha coguidh,  
coilén fraochdha fíorabuidh.

35 Sraoineadh troda, toirneamh gliadh,  
tairseach cean críche Gailian,  
gus beithrioch fichidh fala,  
crithir fheithmhioch iomghona.

36 Biaidh síoth a Laighníbh ré a linn  
ón tráth do thoiris Féilim;  
lasfuidh grian, gealfuidh an ré,  
fearthuin ní iar an úirchré.

37 Ceangal síthe, seachnadh goimh,  
eól dún, a inghean Fhiachaidh,  
bíodh nach fionnfadh cogar cean,  
cogadh d'iomchar madh éigean.

38 Cuid oilé dá hairrdbhíb sin  
feithiomh ceall, caomhna neimhidh,  
ní adhrann baos do bhunadh,  
an t-aos anbfann d'anaghal.

39 Biaidh a clú ar congmháil uaidhe,  
congbhaidh sí ar sén deaghuaire,  
múr treabhamhra a tteannta scol,  
ceardcha ar n-ealadhna dh'óradh.

40 Méin a haithreadh adhruidh soin,  
inghean Fhiachaidh í Thuathoil,  
béim cogair dí ní dleaghair;  
ní cogail í ar aoigheadhaibh.